

Is féidir Ráitis Phearsanta a roinnt i gcúpla alt.

Cén cúrsa a bhfuil tú ag cur isteach air?

Cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh an cúrsa/ taighde seo a dhéanamh?

- Bí soiléir faoi na cúiseanna ar roghnaigh tú an cúrsa seo – conas a d'fhorbair an spéis atá agat sa réimse seo. Léirigh go bhfuil tú díograiseach faoin gcúrsa – luaigh tionscadail, tráchtas, modúil ar bith atá ábhartha.

Cén fáth an ollscoil seo?

- Léirigh go bhfuil roinnt taighde déanta agat ar an roinn agus ar an institiúid agus mínigh cén fáth a mbeadh an deis staidéar a dhéanamh leo tábhachtach duit.

Cén fáth ar cheart dóibh tú a roghnú?

- Céard iad na scileanna acadúla atá le tairiscint agat?
- Céard iad na scileanna pearsanta a thabharfaidh tú leat chuig an gcúrsa? Cuir béim ar na scileanna atá agat agus tabhair fianaise a léiríonn an chaoi a bhfuil forbairt déanta agat ar na scileanna sin agus go bhfuil úsáid bainte agat astu san am a caitheadh. M.sh. scileanna cumarsáide, an cumas oibriú go maith mar chuid d'fhoireann, féin-inspreagadh láidir, scileanna eagrúcháin. Go bunúsach tá tú ag tabhairt le fios dóibh gach a mbeidh á thabhairt chuig an gcúrsa agat.
- Céard iad na láidreachtaí atá agat?
- Cén chaoi a bhfuil do chéad chéim ábhartha don réimse staidéir seo (Má bhaineann sé le hábhar, luaigh cúinsí ar bith a raibh tionchar acu ar na torthaí acadúla atá bainte amach agat, má chreideann tú gur cheart do na roghnóirí iad a chur san áireamh.)

Achoimre - Alt gearr a chuireann béim ar an tiomantas atá agat don chúrsa sa réimse gairme seo agus ar do thoilteanas oibriú go dian chun na spriocanna atá agat a bhaint amach srl.

Naisc Úsáideacha

<https://www.maynoothuniversity.ie/careers/students/postgraduate-study#applications>

<https://gradireland.com/careers-advice/postgraduate-study>

<https://www.prospects.ac.uk/>